Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12796/19**

**CLIMA 263**
**ENV 828**
**ONU 102**
**DEVGEN 189**
**ECOFIN 854**
**ENER 455**
**FORETS 39**
**MAR 151**
**AVIATION 192**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Ullmhúcháin do chruinnithe de chuid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), (Santiago, an tSile, 2-13 Nollaig 2019)<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le hullmhúcháin do chruinnithe de chuid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Santiago, an tSile, 2-13 Nollaig 2019), mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3716ú cruinniú a bhí aici ar an 4 Deireadh Fómhair 2019.

## Ullmhúcháin do chruinnithe de chuid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), (Santiago, an tSile, 2-13 Nollaig 2019)

*- Conclúidí ón gComhairle -*

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

### AN PHRÁINN ATÁ LE GNÍOMHÚ DOMHANDA FEABHSAITHE

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur bagairt dhíreach eiseach é an t-athrú aeráide, nach spárálfar tír ar bith uaithi. Tá il-iarmhairtí millteacha an athraithe aeráide á mbrath cheana féin i saol an lae inniu, ach fós féin, ní leor an gníomhú domhanda ar son na haeráide atá ar siúl go dtí seo. CUIREANN SÍ I dTREIS an phráinn gan diongbháil atá ann go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí domhanda agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na deiseanna agus na buntáistí a bhaineann leis an aistriú domhanda chuig geilleagair agus sochaithe atá sábháilte, inbhuanaithe, aeráidseasmhach, aeráidneodrach agus go bhfuil dlúthcheangal idir cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras.

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI na trí thuarascáil a d'eisigh an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) i mbliana (An tAthrú Aeráide agus Talamh: Tuarascáil Speisialta IPCC ar an athrú aeráide, fairsingiú fásaigh, díghrádú talún, bainistiú inbhuanaithe talún, slándáil bia agus floscanna gás ceaptha teasa in éiceachórais talún, Tuarascáil Speisialta ar an Aigéan agus ar an gCróisféar in Aeráid atá ag athrú agus Mionchoigeartú 2019 ar Threoirlínte IPCC 2006 maidir le Fardail Náisiúnta de Gháis Cheaptha Teasa); CUIREANN SÍ I bhFIOS gur mór aici an obair atá déanta ag IPCC chun an eolaíocht is fearr atá ar fáil ar an athrú aeráide gona éifeachtaí ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí a thiomsú agus anailís a dhéanamh air; TATHANTAÍONN SÍ ar IPCC leanúint dá chuid oibre agus molann sí a chur chuige cuimsitheach, oibiachtúil, trédhearcach a fhágann gurb é IPCC an príomhúdarás domhanda ar eolaíocht an athraithe aeráide.

3. IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI na torthaí eolaíochta ó IPCC lena léirítear an phráinn as cuimse atá ann leis an bhfreagairt dhomhanda ar an athrú aeráide a threisiú i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe agus na n-iarrachtaí chun an bhochtaineacht a dhíothú; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil dlúthcheangal idir an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, díghrádú talún agus aigéin agus fairsingiú fásaigh, agus IARRANN SÍ go mbeadh comhar agus sineirgí níos fearr ann i measc na gCoinbhinsiún. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, chun dlús a chur leis an ngníomhú domhanda, gur gá laghduithe astaíochta i ngach earnáil chun an téamh domhanda a theorannú agus chun rioscaí agus drochiarmhairtí an athraithe aeráide a laghdú.

4. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR MÓR AN tÚDAR IMNÍ DI an méadú atá ag teacht ar thionchar an athraithe aeráide ar mheath na bithéagsúlachta domhanda, ar acmhainní uisce agus éiceachórais an domhain; lena n-áirítear éifeachtaí na bhfalscaithe; i ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais a d'eisigh an Clár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS MHÓR ANBHÁ DI go bhfuil teocht an Artaigh ag ardú breis agus dhá uair níos tapa ná an meánráta domhanda agus iarmhairtí tromchúiseacha domhanda, réigiúnacha agus áitiúla dá réir ag eascairt cheana féin as sin.

5. IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI I gCÓNAÍ go ndearbhaítear sna tuarascálacha ó na Náisiúin Aontaithe nach leor na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta atá á dtíolacadh ag na páirtithe ná na conairí astaíochtaí gás ceaptha teasa atá ann faoi láthair chun spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach; AITHNÍONN SÍ an t-éileamh mór atá ag an tsochaí shibhialta agus ag na saoránaigh, go háirithe i measc an aosa óig, ar ghníomhú feabhsaithe, ar uaillmhian, agus go gcuimhneofaí orthu siúd a thiocfaidh inár ndiaidh; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór do na Páirtithe uile, go háirithe na foinsí truailliúcháin is mó, cur leis an uaillmhian agus gníomhú ar bhealach níos fearr ar son na haeráide agus an tslándáil bia á neartú ag an am céanna leis an bhforbairt inbhuanaithe, le díothú na bochtaineachta, cosaint na bithéagsúlachta, sláine na n-éiceachóras uile, leis an gcomhionannas inscne agus cumhachtú na mban, an urraim do chearta an duine agus an urraim do chearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an phleanáil agus an cur chun feidhme atá freagrúil ó thaobh inscne de, ar mhaithe le gníomhú éifeachtach éifeachtúil ar son na haeráide.

6. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019 maidir leis an Athrú Aeráide agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an ngníomhú domhanda ar son na haeráide; MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle an 18 Feabhra 2019 maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur measaide go mór na bagairtí sin an t-athrú aeráide, agus gur bagairt mhór ann féin anois, níos mó ná riamh, an t-athrú aeráide, a ngabhann impleachtaí tromchúiseacha leis don tsíocháin agus don tslándáil ar fud an domhain.

GNÍOMHÚ AGUS UAILLMHIAN A CHUR CHUN CINN

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an méid a thig as Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe ar son na hAeráide maidir le huaillmhian, gníomhú agus dlúthpháirtíocht, a léirigh an toil pholaitiúil dlús a chur leis an uaillmhian chomhpháirteach i gcomhréir le Comhaontú Pháras, lena n-áirítear trí iarrachtaí a dhéanamh an t-ardú teochta a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus an gníomhú claochlaitheach is gá ó rialtais, lena n-áirítear i bpróisis iltaobhacha ábhartha eile agus ó ghníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad.

8. MOLANN SÍ do gach Páirtí nach ndearna leasú Doha a dhaingniú go fóill sin a dhéanamh a luaithe is féidir ionas go bhféadfaidh sé teacht i bhfeidhm gan rómhoill; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil na gealltanais a thug an tAontas agus na Ballstáit maidir le 2020 faoin dara tréimhse gealltanais de chuid Phrótacal Kyoto á gcur chun feidhme acu ón 1 Eanáir 2013 i leith; CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil ag éirí go leanúnach leis an Aontas an fás eacnamaíoch agus na hastaíochtaí a dhíchúpláil ó chéile; idir 1990 agus 2017, tháinig fás 58% ar gheilleagar an Aontais agus laghdú 22% san am céanna ar iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit ar tí – trí bhíthin na mbeartas atá i bpacáiste aeráide agus fuinnimh an Aontais 2020 – an sprioc faoina ndéanfar laghdú intíre 20% ar ghás ceaptha teasa faoi 2020 a shárú dá réir sin.

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur thug an tAontas tiomantas uaidh in 2014, de rannchuidiú le Comhaontú Pháras, astaíochtaí intíre gás ceaptha teasa a laghdú 40% ar a laghad faoin mbliain 2030 i gcomparáid le leibhéil na bliana 1990. Is é an chéad mhórgheilleagar ar domhan é a bheidh ceannródaíoch san aistriú glas agus i dtús cadhnaíochta maidir le Comhaontú Pháras a chur chun feidhme ós rud é go bhfuil creat reachtach, ceangailteach, uaillmhianach i bhfeidhm chun a ghealltanas a chomhlíonadh.

10. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sprioc fuinnimh in-athnuaite an Aontais don bhliain 2030 socraithe ag 32%, ar a laghad, agus an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh ag 32.5% ar a laghad, le tacaíocht ó chóras iontaofa rialachais; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go mbeadh níos mó laghduithe in astaíochtaí gás ceaptha teasa ann de bharr na spriocanna seo ná mar a bhí réamh-mheasta; agus MEABHRAÍTEAR DI go mbreathnóidh an tAontas gona Bhallstáit ar na hiarrachtaí breise sin agus ar bheartais earnáilsonracha ábhartha eile.

11. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go ndéanfaidh an tAontas nuashonrú in 2020 ar a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDC), mar a comhaontaíodh i bPáras, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le soiléireacht, trédhearcacht agus tuiscint ar a NDC a mhéadú, mar a comhaontaíodh in Katowice. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá ann dlús a chur leis na hiarrachtaí domhanda chun dul i ngleic leis an athrú aeráide i bhfianaise na heolaíochta is déanaí atá ar fáil, go háirithe an Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide maidir leis an tionchar atá ag téamh domhanda 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch**.**

12. MOLANN SÍ do na tíortha uile nach ndearna Comhaontú Pháras a dhaingniú sin a dhéanamh a luaithe is féidir; IARRANN sí ar na Páirtithe uile a NDCanna a nuashonrú i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus soiléireacht, trédhearcacht agus intuigtheacht (ICTU) a gcuid NDCanna a fheabhsú.

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, bunaithe ar an bhfís straitéiseach fhadtéarmach atá ag an gCoimisiún Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach – 'Pláinéad Glan do Chách' – agus an togra ón gCoimisiún Eorpach chun an Eoraip a bheith aeráidneodrach faoin mbliain 2050, go bhfuil an tAontas ag plé faoi láthair le conas an aeráidneodracht a bhaint amach i gcomhréir le Comhaontú Pháras; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tábhacht a bhaineann le díospóireacht leathan, chuimsitheach faoin tsochaí ar fud an Aontais gona Bhallstát, lena n-áirítear breathnú go mion ar shaincheisteanna amhail an t-aistriú cóir.

14. MEABHRAÍTEAR DI gur iarr an Chomhairle Eorpach[1] ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún an obair a thabhairt chun cinn i dtaca leis na dálaí, na dreasachtaí agus an creat cumasúcháin a bheidh le cur ar bun chun an t-aistriú chuig Aontas aeráidneodrach a áirithiú i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus ag tabhairt dá haire nach mór do thromlach Bhallstáit an Aontais an aeráidneodracht a bhaint amach faoin mbliain 2050; agus é Á TABHAIRT DÁ hAIRE DI go bhfuil targaidí náisiúnta leagtha síos cheana féin ag roinnt Ballstát chun an sprioc sin a bhaint amach; IS FADA LÉI go gcuirfidh an Chomhairle Eorpach bailchríoch, faoi dheireadh na bliana 2019, ar a treoir maidir le fís aeráidneodrach an Aontais chun gur féidir straitéis fhadtéarmach an Aontais a ghlacadh agus a thíolaic go UNFCCC go luath sa bhliain 2020; IARRANN SÍ ar na Páirtithe eile i gComhaontú Pháras a straitéisí fadtéarmacha a thíolacadh faoin mbliain 2020 i gcomhréir le spriocanna fadtéarmacha an Chomhaontaithe sin.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é an tAontas an príomh-ranníocóir domhanda don chúnamh forbraíochta (EUR 74.4 billiún in 2018) agus gurb é an ranníocóir domhanda is mó é do mhaoiniú don aeráid: breis agus 40% de mhaoiniú poiblí domhanda don aeráid, agus breis agus dúbailt ón mbliain 2013 i leith ar ranníocaíochtaí an Aontais gona Bhallstáit, ranníocaíochtaí dar luach os cionn EUR 20 billiún in aghaidh na bliana; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit tiomanta i gcónaí do shlógadh méadaitheach an mhaoinithe idirnáisiúnta don aeráid, mar chuid de sprioc chomhpháirteach na dtíortha forbartha chun USD 100 billiún a shlógadh in aghaidh na bliana idir 2020 agus 2025 don mhaolú agus don oiriúnú i dtíortha i mbéal forbartha, ar maoiniú é a thiocfaidh as raon leathan foinsí, trí ionstraimí éagsúla agus ar bhealaí éagsúla, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí ciallmhara maolaithe agus trédhearcacht maidir le cur chun feidhme; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá do réimse níos leithne ranníocóirí a bheith rannpháirteach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí a bheidh athshlánú rathúil an Chiste Ghlais don Aeráid; IS FADA LÉI tuilleadh den dul chun cinn ó na Bainc Fhorbartha Iltaobhacha le go mbeidh a gcuid gníomhaíochtaí ar aon dul le Comhaontú Pháras; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil maoiniú príobháideach don aeráid ríthábhachtach chun an t-aistriú a thiomáint chuig geilleagar domhanda atá aeráidneodrach agus aeráidseasmhach; TAGRAÍONN SÍ don rún atá aici conclúidí a ghlacadh maidir le maoiniú don aeráid roimh COP25.

---

1 https://www.consilium.europa.eu/media/39922/20-21-euco-final-conclusions-en.pdf

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na páirtithe uile na sreabha domhanda airgeadais a choinneáil ar aon dul leis an gcur chuige trína rachfar i dtreo íseal-leibhéal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá aeráidseasmhach i gcomhréir le Comhaontú Pháras, agus ós amhlaidh atá, cuireann sí i bhfios go láidir nach mór maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn; IS DÍOL SÁSAIMH DI an rannchuidiú a bhí sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal "Plean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú" chun an sprioc sin a bhaint amach.

17. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gealltanas an Aontais leanúint den tacaíocht a thugann sé do na tíortha i mbéal forbartha agus iad ag féachaint le Comhaontú Pháras a chur chun feidhme, go háirithe na Tíortha is Lú Forbairt agus na Stáit Oileánacha Bheaga i mbéal forbartha; ós amhlaidh atá, AITHNÍONN SÍ na riachtanais shonracha agus na dálaí ar leith atá ag na tíortha sin atá an-leochaileach maidir le drochéifeachtaí an athraithe aeráide, agus gur gá tacaíocht phrapúil spriocdhírithe a thabhairt dóibh chun dul i ngleic leis na héifeachtaí sin agus iad a íoslaghdú; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS tionscnaimh amhail Comhpháirtíocht NDC, agus na tionscnaimh sin trína neartaítear an teacht aniar a bhíonn i bpobail, i slite beatha, agus in éiceachórais trí bhíthin maoiniú don riosca tubaiste agus réitigh árachais atá leabaithe i straitéisí cuimsitheacha bainistithe riosca.

18. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go gcuirfí chun cinn an méid a leanas de rannchuidiú le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras gona spriocanna fadtéarmacha: an t-oideachas, an oiliúint, feasacht an phobail, rannpháirtíocht an phobail agus rochtain an phobail ar fhaisnéis; IS DÍOL SÁSAIMH DI agus molann sí gníomhú ar son na haeráide a chothú trí rannpháirtíocht an phobail agus trí chomhoibriú leis na húdaráis áitiúla, leis an earnáil phríobháideach agus leis an tsochaí shibhialta.

AN BEALACH GO SANTIAGO

19. TRÉASLAÍONN SÍ le hUachtaránacht na Polainne don 24ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP24) an ról a bhí aici obair COP a threorú; IS DÍOL SÁSAIMH DI "Leabhar Rialacha Katowice", éacht nach beag lena gcumasófar oibríochtú Chomhaontú Pháras agus a léiríonn gur ardáin oibríochtúla iad an t-iltaobhachas agus an comhar idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda.

20. Is DÍOL SÁSAIMH DI ceannaireacht Uachtaránacht nua na Sile ar COP agus IS FADA LÉI a bheith ag obair go dlúth leis an tSile chun feabhas a chur ar an ngníomhú domhanda ar son na haeráide agus chun go mbeidh rath ar COP25; TACAÍONN SÍ le tosaíochtaí COP25 lena n-áirítear aird ar an nasc aigéin-aeráide mar atá leagtha amach ag Uachtaránacht nua COP. IS DÍOL SÁSAIMH DI an ról gníomhach atá ag Cósta Ríce agus tá sí ag tnúth le Réamh-COP.

21. TÁ SÍ TIOMANTA don mhéid a leanas:

- oibriú leis na Páirtithe uile chun rialacha stóinsithe cuimsitheacha a fhorbairt maidir le comhar deonach faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras lena gcothaítear an uaillmhian dhomhanda, lena n-áirithítear an tsláine comhshaoil agus lena seachnaítear an comhaireamh dúbailte trí na haistrithe idirnáisiúnta uile a choigeartú go comhfhreagrach, lena n-áirítear a mbaineann leis an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 6.4 agus leis an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA);

- rialacha stóinsithe a cheapadh d'aistrithe faoi Airteagal 6.2;

- sásra nua uaillmhianach a shocrú de bhun Airteagal 6.4, lena gcumasófar na Páirtithe rannpháirteacha chun a n-iarrachtaí maolaithe a fheabhsú agus ag an am céanna pé laghduithe astaíochtaí a bhainfear amach faoi Chomhaontú Pháras a chur san áireamh go daingean agus aontú ar shásraí Phrótacal Kyoto a thabhairt chun críche.

22. IS FADA LÉI an méid a leanas:

– an dara hathbhreithniú ar Shásra Idirnáisiúnta Vársá do Chaillteanas agus Damáiste (WIM) á thabhairt chun críche go rathúil, bunaithe ar na Téarmaí Tagartha a comhaontaíodh in Bonn i mí an Mheithimh chun leanúint de threoir a thabhairt do WIM ina chuid oibre, go háirithe i dtaca le hAirteagal 8 de Chomhaontú Pháras a chur chun feidhme;

– dul chun cinn á dhéanamh ar na socruithe a chuimsítear faoin gCreat Feabhsaithe Trédhearcachta – cnámh droma ag Comhaontú dea-fheidhmiúil Pháras – bunaithe ar mhódúlachtaí, nósanna imeachta, agus treoirlínte an Chreata, a comhaontaíodh in Katowice;

– dul chun cinn á dhéanamh san obair ar fhothú acmhainneachta, lena n-áirítear na socruithe institiúideacha a ghabhann leis an gCreat;

– Clár Oibre Lima maidir le hInscne gona Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne a athbhreithniú go rathúil.

23. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé féachaint le hamchlár comhchoiteann a leagan síos do NDCanna na bpáirtithe uile, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

24. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá geallsealbhóirí nach Páirtithe iad agus an méid a chuireann siad le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear tríd an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide (GCAA), aithníonn sí iarrachtaí GCAA chun cur le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras gona spriocanna fadtéarmacha; is díol sásaimh di agus MOLANN SÍ rannpháirtíocht dhian an dá mhórghníomhaí i ngníomhú ar son na haeráide a chothú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an deis breathnú ar an gcur chun feidhme agus ar an uaillmhian a nochtadh roimh 2020 agus deiseanna breise don ghníomhú domhanda a aithint.

PRÓISIS EILE

25. IS É TIOMANTAS AN AONTAIS I gCÓNAÍ sineirge a lorg agus an rannchuidiú aeráide a uasmhéadú ó na Coinbhinsiúin eile sin de chuid RIO (UNCBD [Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch] agus UNCCD [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac]), lena n-áirítear an Creat Domhanda don Bhithéagsúlacht i ndiaidh 2020, Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR aici go bhfuil gá le comhordú ar an leibhéal náisiúnta freisin.

26. MEABHRAÍTEAR DI gur gá don eitlíocht idirnáisiúnta cuidiú ar bhonn leordhóthanach leis an athrú aeráide a mhaolú, IARRANN SÍ go suntasach ar an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) gona Bhallstáit CORSIA a chur chun feidhme go pras, agus a sláine chomhshaoil á háirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear trí chomhaireamh dúbailte na laghduithe astaíochta a sheachaint. MOLANN SÍ do na Páirtithe uile nár fhógair go fóill go mbeidís rannpháirteach i gcéim phíolótach CORSIA a bheith ina gcuid di. IARRANN SÍ an athuair ar ICAO teacht ar chomhaontú faoi sprioc fhadtéarmach, a bheidh i gcomhréir le spriocanna teochta Chomhaontú Pháras, ar a dhéanaí ag an 41ú Chomhthionól a bheidh aige.

27. IARRANN SÍ ar an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a Straitéis Tosaigh maidir le Laghdú Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ó Longa, a glacadh in 2018, a chur chun feidhme go pras, i gcomhréir le spriocanna teochta Chomhaontú Pháras.

28. IS DÍOL SÁSAIMH DI teacht i bhfeidhm Leasú Kigali ar Phrótacal Montréal an 1 Eanáir 2019, lena gcuirtear le spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, agus iarrann sí ar na páirtithe eile i bPrótacal Montréal an leasú sin a dhaingniú a luaithe is féidir.